

dlr times

EARRACH 2021

FÉACH ISTEACH

Fiontraithe dlr ar Taispeáint

Scéim sábhála
fuinnimh do
réadmhaoin na
comhairle

Gníomhú ar son na hAeráide

FÉACH ISTEACH LE HAGHAIDH
NUASHONRUITHE AR ÁR BPLEAN
GNÍOMHAITHE IN AGHAIDH
AN ATHRAITHE AERÁIDE

féach isteach

PLEAN GNÍOMHAITHE DLR IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE 03

NUACHT DLR

Feachtas 'Go dTé Tú Slán' 2021 04
Clár na dToghthóirí 04

GNÓ DLR

Fiontraihte dlr 05
Seimineáir Ghréasáin de chuid
Tourism Friendly Cities 05

EOLAS DON PHOBAL dlr

Scéim sábhála fuinnimh
do réadmhaoin na comhairle 06
Straitéis Foraoiseachta Uirbí 07
Scéim Deontas dlr 2021 (Babhta 2) 08
Tionscadal BETA dlr 09

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Anthony McNamara 07

IMEACHTAÍ EALAÍON AGUS NA LEABHARLANNA dlr

One Dublin One Book 10
Ceoltóir Cónaithe dlr 10
Seirbhísí Leabharlanna dlr 11
Bealtaine sa bhaile 11
DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr 12

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

TEILEAFÓN: 01 205 4700
RÍOMHPHÓST: info@dlrcoco.ie

Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma
Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór,
Dún Droma, D14 Luan – Aoine 9:30am go
12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm
TEILEAFÓN: 01 205 4880
RÍOMHPHÓST: info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas
go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

@dlrc @dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat an dlr times a fháil
ar ríomhphost, déan teagmháil linn ar:
commsoffice@dlrcoco.ie



Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Fáilte chuig eagrán an Earraigh den dlr Times. Agus muid fós ag streachailt le cúrsaí paindéime, tá súil agam go bhfuil an aimsir dheas ag ligean dúinn ar fad dul amach ag siúl nó ag rothlaocht laistigh dár 5km.

San eagrán seo, gheobhaidh tú réimse eolais lena n-áirítear Deontais do Throscán Sráide agus ReCycle Bikes, gnó réasúnta nua a cuireadh ar bun i mí Iúil 2020 agus a bhuaigh gradam 'New Business Entrepreneurs' de chuid Chomhlachas DLR laistigh dá chéad 6 mhí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi a bhfuil Roinn Tithíochta na Comhairle ag dul i ngleic le hAthrú Aeráide trí chomhpháirtíocht nua le Electric Ireland, le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Clímate, comhlacht Éireannach do theicneolaíocht bhaile, a bhfuil sé i gceist aige Scéim nua Sábhála Fuinnimh a chur amach, trí chórais nuashonraithe rialála teasa a chur ar fáil do thionóntaí na Comhairle.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do sheirbhís iontach ár bPríomhfheidhmeannaigh, Ms. Philomena Poole, a bheidh ag éirí as a ról sna seachtainí amach romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi thar ceann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin as a sárbaire agus guímid gach rath uirthi agus ar a cuid saothair amach anseo.

Fan slán.

AN CLR UNA POWER



Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach dlr

Fáilte chuig eagrán an Earraigh 2021 den dlr Times. Táimid ag dul isteach san earrach i ndiaidh mhíonna fada an gheimhridh agus cé go bhfuilimid fós faoi shrianta COVID-19, is féidir linn an t-athrú a fheiceáil san aimsir agus tá na bláthanna ag fás sna páirceanna áitiúla. Thógamar an dath buí ar ais nuair a chuireamar breis agus 200,000 lus an chromchinn sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an chontae i mí na Samhna seo caite chun an áit a dhéanamh níos gile san earrach. I measc na bPríomhluachanna atá againn inár bPlean Corparáideach tá cosaint an chomhshaoil, úsáid inbhuanaithe fuinnimh agus cúrsaí aeráide a chur chun tosaigh. Is féidir leat tuilleadh a léamh san eagrán seo den dlr Times maidir lenár bPlean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide, chomh maith leis an eolas is déanaí a bhaineann le tacaíocht do ghnóthaí, soláthar tithíochta, chomh maith le huirlisí nua nuálacha do rannpháirtíocht na saoránach.

Is fada é an dianghlásáil seo agus ba mhaith liom an chabhair ar fad a thug foireann na Comhairle, chomh maith leis an bhFóram 'Community Call' agus na heagraíochtaí deonacha ar fad, le linn na laethanta crua seo a mholadh. Tá mé ag súil go mór leis na laethanta geala, mar atáimid ar fad, nuair a bheimid in ann "ár mbratacha a chur ar foluain" agus cuairteanna a thabhairt ar na gnóthaí áitiúla agus ar ár muintir agus ár gcairde.

PHILOMENA POOLE

Tá na margaí ar fad dúnta faoi láthair

Margaí na CoCo PÁIRC AN PHOBAIL AGUS DLR LEXICON, Dún Laoghaire

Domhnach 11am-4pm

PÁIRC M HARLAÍ Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10am-4pm agus Domhnach 11am-4pm

UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

Lasmuigh de Ghnáthuaireanta: 01 677 8844
(i ndiaidh 5pm agus deirí seachtaine)

Daoine gan Dídean: 1800 724 724
[seirbhísí iar-ama]

Uisce Éireann: 1850 278 278
[24 uair an chloig]

Páirceanna dlr



PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE UAIREANTA OSCAILTE:

M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 4.30pm
Feabh. – Márta 8am go 6pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 9pm

PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE UAIREANTA OSCAILTE:

M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lún. 8am go 10.30pm

PÁIRC NA BHFIANNA UAIREANTA OSCAILTE:

Rochtain Oscailte

PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ UAIREANTA OSCAILTE:

9am - 6pm

PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE UAIREANTA OSCAILTE:

Rochtain Oscailte

PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN UAIREANTA OSCAILTE:

Rochtain Oscailte

PÁIRC M HARLAÍ UAIREANTA OSCAILTE:

M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm
Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

PÁIRC AN PHOBAIL UAIREANTA OSCAILTE:

Noll. – Márta 8am go 4.30pm
Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

PÁIRC SHEANGÁNAÍ UAIREANTA OSCAILTE:

Rochtain Oscailte

Eolas faoi athchúrsáil



PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN Bóthar Bhaile Uí Ógáin

TEILEAFÓN: 01 291 3600
UAIREANTA OSCAILTE:
Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm,
Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./
Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.
DÚNTA: Oíche Nollag – Lá Fhéile Stíofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN

Bóthar Chnoc an tSamhraidh,
Glas Tuathail

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc,
Lá Saoire Poiblí.

IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ

Carrchlós na Reilige, Seanchill

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan – Déar. 8.30am go 4pm
Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.
DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc,
Lá Saoire Poiblí.

Leabharlanna dlr



Téigh chuig ár láithreán gréasáin libraries.dlrcoco.ie chun an t-eolas is déanaí a fháil le linn shrianta COVID-19

dlr Lexicon

Ardán Haigh, Dún Laoghaire

TEIL: 01 280 1147

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan – Déar. 9.30am – 8pm
Aoine go Sath. 9.30am – 5pm |
Domh. 12pm – 4pm

AN CHARRAIG DHUBH

Halla Baile na Carraige Duibhe,

An tSráid Mhór

TEIL: 01 288 8117

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am –
1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar.
1.15pm – 8pm

CÁBÁN TSÍLE*

Seanbhóthar Bhré, Cábán tSile

TEIL: 01 285 5363

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am –
1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar.
2pm – 8pm

DEILGINIS

Sráid an Chaisleáin, Deilginis

TEIL: 01 285 5317

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10am –
1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar.
1.15pm – 8pm

GRÁINSEACH AN DÉIN

Céide Chluain Caoin,

Gráinseach an Déin

TEIL: 01 285 0860

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10am –
5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine
agus Sath. 10am – 5pm. Féinseirbhís
My Open Library 8am-10pm,
7 lá na seachtaine, deirí seachtaine
saoire bainc san áireamh.

DÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill

Uachtarach, Dún Droma

TEIL: 01 298 5000

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan, Aoine agus Sath. 10am – 1pm,
2pm – 5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm

SEANCHILL*

Bóthar na Leabharlaine, Seanchill

TEIL: 01 282 3081

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10am –
1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar.
2pm – 8pm

STIGH LORGAN

Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan

TEIL: 01 288 9655

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan 10am – 5pm | Máirt go Déar.
10am – 8pm | Aoine agus Sath. 10am –
1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil réiltín leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ar dheirí seachtaine saoire bainc. Bíonn Leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt i mód My Open Library.



An tAthru Aeráide Plean Gníomhaithe

Tá tionchair leanúnacha an athraithe aeráide le brath ag ár gContae i gcónaí. Thaispeáin cúrsaí adhamsire le déanaí go bhfuilimid leochaileach an t-am ar fad i dtaobh cúrsaí aeráide. Tá an fhianaise eolaíoch soiléir.

Mar Chontae ar an gcósta, tá dlr i mbaol tuilte, creimeadh cósta, agus ardú leibhéal na farraige, chomh maith le tréimhsí fuara, laethanta teo agus caighdeán níos measa ar an aer.

Tá an Rialtas fós ag feabhsú reachtaíochta agus polasaithe a bhaineann leis an athru aeráide agus cothaíonn sé ról cumasaithe na n-údarás áitiúil, chun athru a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil. Cheadaigh na comhaltat tofa Plean Gníomhaithe na Comhairle in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024 i mí na Bealtaine 2019.

Leagann an PGAA ceithre phríomhspríoc amach, chomh maith le 123 gníomh, a dhéanfaidh an Chomhairle mar fhreagairt ar an ngéarchéim aeráide agus ar an éigeandáil bhithéagsúlachta. Rachaidh na gníomhartha seo i ngleic leis na cúig théama seo a leanas: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht in aghaidh Tuilte, Réitigh bunaithe ar an Dúlra, agus Bainistíocht Acmhainní. Forbraíodh an Plean i gcomhar le húdaráis áitiúla eile de chuid Bhaile Átha Cliath (UABÁC) i gcomhpháirtíocht le Codema – Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Athru Aeráide (CARO).

Is iad seo a leanas ceithre spríoc an Phlean:

- Feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi Nollaig 2020;
- Laghdú 40% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030;
- Iarracht a dhéanamh réigiún atá seasmhach i dtaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath trí thionchair imeachtaí a bhainfidh leis an athru aeráide amach anseo a laghdú; agus
- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le saoránaigh agus eolas a thabhairt dóibh faoin athru aeráide.

Tá gealltanais tugtha ag an gComhairle go ndéanfaidh sé athbhreithniú bliantúil ar an bPlean seo, agus go dtabharfaidh sé tuairiscí air, ag teacht leis na riachtanais agus na próisis atá ag an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú agus Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d'Fhuinneamh de chuid an AE.

I ndiaidh chruinniú Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí Feabhra 2021, foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Plean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024. Ceann de na ceithre spríoc a leagadh amach sa PGAA ná feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi Nollaig 2020, spríoc a baineadh amach agus a sáraíodh. D'fheabhsaigh an Chomhairle a feidhmíocht fuinnimh faoi 37.2% bunaithe ar 2019, i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2009. Ciallaíonn sé seo gur sháraigh dlr spríoc 2020 na hearnála poiblí de 33% d'éifeachtúlacht fuinnimh, mar a tuairiscíodh i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann.

Mar gheall ar chur i bhfeidhm an Phlean seo, agus an mhonatóireacht a dhéantar air, chomh maith leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le Codema - Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Athru Aeráide (CARO), tá plean soiléir agus cur chuige comheagraithe ann maidir le seasmhacht Réigiún Bhaile Átha Cliath in aghaidh na haeráide a fheabhsú go 2030, 2050, agus ina dhiaidh sin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár láithreán gréasáin:

dlrcoco.ie/CCAP

#dlrClimateAction



Feachtas 'Go dTé Tú Slán' 2021

Is feachtas náisiúnta é an feachtas 'Go dTé Tú Slán', atá á chur chun cinn ag an rialtas chun cabhrú le daoine bheith sláintiúil agus folláin le linn an gheimhridh agus an earraigh. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas seo a thaispeáint do dhaoine ar gach aois conas aire a thabhairt dár sláinte agus dár bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach trí nósanna sláintiúla cabhracha a chur isteach inár ngnáthaimh laethúla agus sheachtainiúla. Tá an feachtas 'Go dTé Tú Slán' dírithe ar na cúig phríomhthéama seo a leanas: Bí Gníomhach, Bíodh Caidreamh Agat, Glac Sos agus Déan Rud Cruthaitheach, Ith Bia Folláin agus Tabhair Aire do do Ghiúmar. Thosaíomar ag cur an fheachtais 'Go dTé Tú Slán' chun cinn níos luaithe i mbliana agus téamaí éagsúla an fheachtais á gcur chun cinn againn ar na meáin shóisialta.

Molaimid duit leas a bhaint as na hacmhainní seo agus is cinnte go bhfaighidh gach duine rud a bhainfidh leosan faoi na téamaí seo.

Tá leathanach faoi leith ann don fheachtas 'Go dTé Tú Slán' ar ár láithreán gréasáin chun tacaíocht a thabhairt don fheachtas náisiúnta. dlrcoco.ie/KeepWell

Léirigh do thuairim ar chomhairliúcháin phoiblí dlr

Tugann comhairliúcháin phoiblí an deis duit do thuairimí a léiriú agus rud éigin a chur le gach céim de phróisis déanta beartas agus dlíthe.

Fógraímid comhairliúcháin phoiblí go rialta agus tá gach ceann díobh ar fáil sa 'Spás do Shaoránaigh' ar ár láithreán gréasáin dlrcoco.citizenspace.com

Cabhróidh an láithreán gréasáin seo leat comhairliúcháin a mbeadh spéis agat ann a aimsiú agus páirt a ghlacadh iontu.



Clár na dTogthóirí Tá do vóta tábhachtach

Tagann Clár na dTogthóirí i bhfeidhm gach bliain ar an 15 Feabhra.

- Ar bhain tusa nó aon duine i do theaghlach aois ocht mbliana déag amach le bliain anuas?
- Ar athraigh tú do sheoladh baile?
- An gá duit do shonraí pearsanta ar an gClár a nuashonrú nó a cheartú?
- An gá go mbainfear den Chlár thú?
- An bhfuil ceist agat maidir leis an gClár?

Má tá, déan teagmháil linn ag registerofelectors@dlrcoco.ie

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ 2021-2022

| TOGHLMISTÉIR ÁITIÚLA | TOGHTHÓIRÍ AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL |
|--------------------------------------|-------------------------------|
| AN CHARRAIG DHUBH | 26,078 |
| DÚN LAOGHAIRE | 33,708 |
| DÚN DROMA | 29,714 |
| GLEANN CUILINN/ÁTH AN GHAINIMH | 22,786 |
| CILL INÍÓN LÉINÍN/SEANCHILL | 30,316 |
| STIGH LORGAN | 22,911 |
| IOMLÁN: | 165,513 |

Seiceáil voter.ie le feiceáil an bhfuil tú cláraithe i láthair na huaire, cuir gloch ar ár Rannóg Díolúine ar (01) 2054880 nó dlrcoco.ie/RegisterElectors

Is féidir leat do shonraí a sheiceáil ar an gcóip chrua den Chlár le haghaidh 2021-2022 ag ár n-oifig i nDún Laoghaire agus Dún Droma, inár leabharlanna agus ag d'oifig poist áitiúil.

Tá sé tábhachtach go gcinnteoidh tú go bhfuil do shonraí / stádas vótála i gceart agus nach bhfuil tú cláraithe ach uair amháin. Ár seoladh poist ná Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Rannóg Díolúine, Páirc Oifige Dhún Droma, As an tSráid Mhór, Dún Droma, D14YY00.

Ná déan moill agus Seiceáil an Clár inniu ag voter.ie

Féach ar Chruinnithe na Comhairle Contae ar Líne



Sruthaímid cruinnithe ár gComhairle Contae gach mí in dlr. Is féidir leat cuardach a dhéanamh ar chraoltaí gréasáin na gcruinnithe ag dlrcoco.ie/Webcasts chun féachaint ar bheoshruith de chruinniú de chuid na Comhairle. Is féidir leat féachaint ar sheanchruinnithe de chuid na Comhairle,

cruinnithe speisialta de chuid na Comhairle, an cruinniú mar gheall ar an mBuiséad agus cruinnithe maidir leis an bPlean Forbartha le bliain anuas ann freisin.

Bíonn ár gcruinnithe míosúla ar siúl ar an dara Luan de gach mí. Tá dhá eisceacht ann: bíonn cruinniú na Comhairle i mí Iúil ar siúl ar an gcéad Luan agus ní bhíonn aon chruinniú Comhairle ar siúl i mí Lúnasa.

Foilsímid ár ndátaí don Chruinniú Comhairle ar dlrcoco.ie/CouncilMeetings ionas go mbeidh tú i gcónaí ar an eolas faoi dhátaí ár gcruinnithe. Tá gach clár, gach miontuairisc agus gach tuairisc ar na cruinnithe le fáil ag dlrcoco.ie/AgendasMinutes

Fiontraithe dlr ar Taispeáint



Re-cycle Bikes

Thosaigh Stacey agus Willo King Re-Cycle Bikes ag a bhfoirgneamh ag an gCéim i mí Iúil 2020, agus is mór an cháil atá orthu ó shin i leith mar gheall ar an obair dheisiúcháin atá déanta acu ar rothair agus mar gheall ar na rothair athláimhe ar ardchaighdeán atá á ndíol acu. Bhuaigh siad an gradam “New Business Entrepreneurs” de chuid Chomhlachas dlr agus gan a ngnó ach sé mhí ar an bhfód.

Seans go gceapfadh daoine go mbeadh sé contúirteach gnó a oscailt le linn paindéime, ach a mhalairt d’eispéireas a bhí ag Stacey agus Willo dar leo. *“Bhí sé i gceist againn oscailt ag 12 p.m. ar an gcéad lá agus faoin am ar bhaineamar an siopa amach bhí scuaine ann agus 25 duine ag fanacht ann”.*

Tá an chuma ar an scéal gur am foirfe a bhí ann chun an gnó a oscailt. Ag an tús bhí spéis ag teaghlaigh ann do dheisiúcháin rothar, ach go gasta ina dhiaidh sin bhí daoine ann ar mhian leo bealaí nua a aimsiú le dul chuig an obair, chomh maith le daoine a raibh spéis acu an rotháiocht a thriail. Is mór an difear atá déanta ag na lánaí nua rotháiochta ar fud an chontae dar le Willo, *“tá siad i ndiaidh daoine a spreagadh chun dul amach ar an rothar agus tá siad ag teacht chugainne ansin chun deisiúcháin a fháil ar na seanrothair nár úsáideadh ar feadh na mblianta”.*

Breathnaíonn siad ar a ngnó mar dhlúthchuid den gheilleagar ciorclach – ag tógáil rud a bhfuil an chuma air go bhfuil sé seanchaite agus ansin é a athbheochan chun a chinntiú *“nach gcuirtear aon rud amú”* mar a deir Willo.

Is cuid lárnach d’oibriú a ngnó é an cineáltas agus an carthanas do Stacey agus Willo. Agus an siopa á chur ar bun, thosaigh daoine ag tabhairt seanrothair nach raibh in úsáid a thuilleadh don siopa, chomh maith le páirteanna spártha nach raibh ag teastáil uathu. Deir Willo, *“níor mhothaigh mé go raibh sé cothrom go raibh an oiread sin á fháil againn saor in aisce. Chinneamar rudaí a thabhairt do St Vincent de Paul go míosúil agus tá sé sin á dhéanamh againn ó shin i leith”.*

“Is é an thormáid is simplí”, a deir Stacey, *“an ceann is fearr uaireanta”* – agus is cinnte go bhfuil sé ag obair do Re-Cycle Bikes.

Re-Cycle Bikes, The Stoneworks, Bóthar Bhaile Éamainn Duibh, Baile Átha Cliath 18, D18 E6T4. 086 275 1154



ZiggyTec

Is gnó nuathionscanta réadmhaoine é ZiggyTec a chuir Peter Murphy agus Kieran Murphy ar bun i 2018. Is bealach nua teicneolaíoch é PropTech chun foirgnimh a bhainistiú trí theicneolaíocht a bhaineann le hidirlíon na nEarraí (IoT). Nascann ZiggyTec a bhraiteoirí leis an Néal chun fothaí beo sonraí ar chaighdeán an aeir, an uisce agus úsáid an fhuinnimh a chur ar fáil. Is iontach an t-am é don ghnó agus tá aiseolas an-mhaith faighte acu ó ghnóthaí atá ar thús cadhnaíochta sa domhan amhail Hines.

Bheifeá mícheart dá gceapfa go raibh gaol idir Peter agus Kieran, ach ní hé an sloinne an t-aon rud

atá i bpáirt ag an mbeirt acu. Is innealtóirí agus réiteoirí fadhbanna an bheirt acu. Chas siad ar a chéile breis agus deich mbliana ó shin agus iad ag obair ag BSL agus bhí an bheirt acu mífhoighneach mar gheall ar an easpa nuálaíochta i monatóireacht fóntas.

Sheol an bheirt acu ZiggyTec le chéile nuair a chonaic siad go raibh earnáil réadmhaoine Bhaile Átha Cliath ag streachailt le monatóireacht a dhéanamh ar fhóntais. Tháinig borradh faoina ngnó i 2020 toisc go raibh an pobal mór buartha faoi chaighdeán an aeir laistigh (IAQ) mar gheall ar Covid. Sa lá atá inniu ann is é ZiggyAir an tseirbhís mhonatóireachta is mó atá acu.

Nuair a fiafraíodh díobh faoina n-eispéireas leis an Oifig Fiontair Áitiúil dúirt Peter, *“Acmhainn iontach ab ea an Oifig Fiontair Áitiúil ón tús, agus tá an-áthas orainn ionadaíocht a dhéanamh ar an oifig ag na Gradaim Fiontair Náisiúnta i mbliana. Mholfaimis d’aon duine a bhfuil gnó á chur ar bun acu teagmháil a dhéanamh lena nOifig Fiontair Áitiúil – go háirithe comhlachtaí teicneolaíochta.”*

Is mór an gealladh atá faoi thodhchaí ZiggyTec; an aidhm atá acu ná seirbhís mhonatóireachta ZiggyAir a chur i ngach ionad oibre chun an t-aer a choinneáil glan do thimpeallachtaí níos sláintiúla laistigh.

Síneadh ama curtha leis an Deontas do Throscán Sráide

Tá an Deontas do Throscán Sráide ar fáil do ghnóthaí atá ag iarraidh breis suíochán a chur lasmuigh dá bhfoirgnimh.

Cuireadh é seo ar bun an samhradh seo caite chun cabhrú le gnóthaí bheith faoi lánseol arís i ndiaidh na dianghlása, agus cuireadh síneadh ama leis go 2021. Tá sé ar fáil do gach gnó a bhfuil Ceadúnas Troscán Sráide (atá saor in aisce faoi láthair) acu ón gComhairle, agus cuireann sé suas le €2,000 ar fáil do throscán sráide.

Is féidir na sonraí ar fad a fháil ag dlrcoco.ie/en/business/business-financial-supports nó is féidir teagmháil a dhéanamh le economicdev@dlrcoco.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Seimineáir Ghréasáin de chuid Tourism Friendly Cities



Tá Turasóireacht dlr fós ag obair le Tionscadal ‘Tourism Friendly Cities’ de chuid URBACT i 2021. Agus ár bhfoireann turasóireachta ag bualadh leis an bhfoireann idirnáisiúnta go rialta ar líne, bíonn an deis ag ár bhfoireann turasóireachta aithne a chur ar dhaoine agus tuilleadh eolais a fháil faoi na dúshláin agus an rath atá ag cathracha eile.

Chun rannpháirtíocht a chruthú lenár bpáirtithe leasmhara áitiúla, thosaíomar an chéad cheann de ceithre sheimineáir gréasáin leis an ngrúpa áitiúil de pháirtithe leasmhara. Tugann na seimineáir ghréasáin léargas dár bpáirtithe leasmhara ar réimse ábhar a bhaineann leis an turasóireacht inbhuanaithe chun comhrá agus ceisteanna a spreagadh.

I measc na n-ábhar a chlúdaíonn na seimineáir ghréasáin seo tá tionscadail a bhaineann leis an gcósta, turasóireacht soghluaisteachta & inrochtana, Turasóireacht Inbhuanaithe agus Deiseanna Gnó agus Turasóireachta a chruthú do na Bailte agus na sráidbhaile.

Táimid ag súil le beith ag obair go rannpháirteach lenár bpáirtithe leasmhara an samhradh seo chun roinnt gníomhartha beaga a bhaineann leis an turasóireacht inbhuanaithe a thriail.

An Baile á Lasadh



Thosaíomar ar chur i bhfeidhm ár n-iarrachta mar chuid de thionscnamh ‘Destination Towns’ Fáilte Éireann. An chéad chuid den tionscadal seo ná an “Bád mór solais” a cuireadh isteach ag bun Bóthar na Mara i nDún Laoghaire. Tugann an bád

léargas ar atmaisféar na háite agus cuireann sé fáilte roimh chuirteoirí chuig an mbaile leis na dathanna atá air ag athrú i gcónaí. Is féidir na dathanna seo a chur in oiriúint do na séasúir, na féilte agus na himeachtaí sa cheantar.

Táimid ag súil le tuilleadh tionscadal solais sna míonna amach romhainn. Cuir do bharúil air in iúl dúinn ar Twitter, Instagram nó Facebook [@dlrcoco](https://www.facebook.com/dlrcoco)

Scéim sábhála fuinnimh do réadmhaoin na comhairle

Tá an-áthas ar an gComhairle a fhógairt go bhfuil comhpháirtíocht iontach nua ann idir ár Roinn Tithíochta, Electric Ireland, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus comhlacht teicneolaíochta Éireannach, climote, a sholáthraídh córais uasghrádaithe rialála teasa do thionóntaí na Comhairle.

Mar chuid den 'Scéim Sábhála Fuinnimh' seo, cuirfear gléas 'climote' i ngach réadmhaoin de chuid na Comhairle agus ligfidh sé dár dtionóntaí a gcomhuainithe teasa agus teochtaí a rialú trí aip ar a bhfoin chliste, láithreán gréasáin faoi leith nó trí theachtaireacht téacs. Ceaptar go mbeidh laghdú 20% ar úsáid fuinnimh ár dtionóntaí mar gheall ar úsáid ghléas 'climote', rud a chabhróidh lenár dtionóntaí airgead a shábháil ar a mbillí fuinnimh gach bliain.

Beidh an scéim maoinithe ag Electric Ireland agus ní ghearrfar aon chostas ar an gComhairle. Is dea-shampla é seo den chaoi ar féidir le comhoibriú idir an Chomhairle agus soláthraithe fuinnimh buntáistí a bhraitear san fhíorshaol a thabhairt don Chomhairle agus dár dtionóntaí.



Gairm ar Léiriú Spéise i bhForbraíochtaí Lándéanta



Tá soláthar cóiríochta agus tithíochta atá oiriúnach, ar ardchaighdeán agus éifeachtúil ó thaobh costais de do dhaoine a bhfuil sé ag teastáil uathu ar cheann de phríomhthosaíochtaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Sna cúig bliana idir 2016 agus 2020, chuir an Chomhairle 2720 teach nua ar fáil faoi úsáid a bhaint as sraith roghanna seachadta, lena n-áirítear saothar díreach, éadálacha, bainistíocht folúis, Cuid V, léasanna fadtéarmacha, SCC agus HAP. Tá 1000 teach nua ar na bacáin sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, tá an Chomhairle ag iarraidh leanúint ar aghaidh

leis an bhfóras trí uasmhéadú a dhéanamh ar líon na dtithe atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil tacaíocht tithíochta ag teastáil uathu.

Tá an Roinn Tithíochta ag lorg léirithe spéise anois i soláthar forbraíochta tithíochta lándéanta chun críocha tithíochta sóisialta. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh an fhorbraíocht lonnaithe gar do sheirbhísí agus áiseanna amhail siopaí, scoileanna agus taitneamhachtaí áitiúla áineasa, agus ní mór go gcomhlíonadh sí na riachtanais ábhartha reachtúla uile maidir le caighdeáin phleanála agus foirgníochta.


Ní mór go gcomhlíonadh dearadh na tithíochta agus na caighdeáin fhoirgníochta gach riachtanas ábhartha a bhaineann leis an bpleanáil reachtúil agus rialú tógála. Déanfar measúnú ar d'iarratas de réir na gcritéar seo a leanas:

- Suíomh agus Oiriúnacht an tSuímh do Thithíocht Shóisialta
- Amscála an tSeachadta
- Luach an tSaohair
- Caighdeán an Dearaidh agus na Foirgníochta

Tá spéis againn freisin cloisteáil ó úinéirí talaimh sheirbhísithe, suíomhanna le cead pleanála agus forbraíochtaí atá páirtchríochnaithe.

Má bhíonn spéis agat, líon isteach an fhoirm ghairid seo um Léiriú Spéise, ar féidir é a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle ag dlrcoco.ie/Turnkey agus cuir chugainn é trí ríomhphost chuig housingacquisitions@dlrcoco.ie nó tríd an bpost chuig an Rannóg Éadálacha, an Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire.

Lámhleabhar do Thionóntaí Nua



Tá athbhreithniú agus athdhearadh déanta ag ár Roinn Tithíochta ar ár lámhleabhar do thionóntaí le déanaí.

Tá an lámhleabhar nua scríofa agus deartha ag baint leasa as príonsabail ghnáth-Bhéarla agus fuarthas cuidiú ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh chun teacht leis na caighdeáin is airde maidir le gnáth-Bhéarla. Is bealach é gnáth-Bhéarla le scríobh agus eolas a chur i láthair ionas go mbeidh an léitheoir, ar a bhfuil sé dírithe, in ann é a léamh agus a thuiscint in aon léamh amháin.

Gné thábhachtach eile den lámhleabhar nua do thionóntaí ná go bhfuil sé roinnte ina sheacht ndoiciméad faoi leith chun cabhrú lenár dtionóntaí an t-eolas atá á lorg acu a aimsiú níos tapa. Tá grád an ghnáth-Bhéarla tugtha ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh do gach doiciméad.

Tugann na seacht ndoiciméad eolas dár dtionóntaí maidir lena ndualgais mar thionónta dár gcuid agus na tacaíochtaí atá curtha ar fáil againn mar thiarna talún. Ainmneacha na seacht ndoiciméad atá sa lámhleabhar do thionóntaí ná:

- Treoir maidir le do thionóntacht linne
- Seicliostaí Cothabhála do Thionóntaí
- Míniúchán ar Chíos dár dTionóntaí
- Iompar Frithshóisialta ár dTionóntaí
- Sábháilteacht dóiteáin sa Teach
- Lámhleabhar ar Shábháil Fuinnimh dár dTionóntaí
- Cumann áitritheoirí a chur ar bun

Tabharfar cóip chlóite de na doiciméid ar fad seo d'aon duine de thionóntaí nua na Comhairle. Tá na doiciméid ar fáil ag dlrcoco.ie/TenantHandbook freisin

Tá an lámhleabhar nua do thionóntaí mar chuid de thionscadal níos leithne atá ag an Roinn Tithíochta agus an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh chun gnáth-Bhéarla a leabú i scríbhneoireacht agus eolas ar fud na Roinne. Thosaigh an tionscadal seo i samhradh 2020 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí deireadh 2021.

Crainn Nua agus Straitéis Foraoiseachta Uirbí

Áit do Chrainn: Folláine na nDaoine agus an Dúlra



Tá crainn an chontae ar fud tírdhreacha tuaithe, fo-uirbeacha agus uirbeacha. An Radharc ó Thigh an Chnoic i dtreo Chnoc Chill Iníon Léinín.

Tá Seirbhís Páirceanna agus Tírdhreacha dlr ag ullmhú straitéis nua do chrainn an chontae. Tá Áit do Chrainn: Folláine na nDaoine agus an Dúlra dírithe ar nasc a chruthú idir daoine agus an dúlra i gcontae atá seasmhach in aghaidh an athraithe aeráide, ag cloí le gealltanais na comhairle maidir le Gníomhú in aghaidh an Athraithe Aeráide, Caighdeán na Beatha agus Comhfhorbairt Inbhuanaithe Áite. I measc na gcuaspóirí i bPleananna Forbartha an Chontae tá an cuspóir “chun cinnte a dhéanamh go mbainistítear agus go bhforbraítear clúdach na gcrann sa Chontae chun na buntáistí comhshaoil, aeráide agus oideachais a eascraíonn as ‘foraois uirbeach’ a uasmhéadú.”

Aithnítear go forleathan go bhfuil rochtain ar an dúlra agus Bonneagar Glas (GI) fíorthábhachtach d’fholláine na ndaoine agus oiriúnú aeráide. Is dlúthchuid den GI iad crainn agus coillte agus caithfear iad a bhainistiú go cuí mar acmhainn riachtanach don leas coiteann. Tá COVID 19 i ndiaidh béim a chur ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rochtain ar an dúlra, go háirithe ceantair uirbeacha an chontae. Mar sin de, tá forbairt ar acmhainn an phobail ag teastáil chun a dhéanamh cinnte go dtuigtear clúdach crann agus go ndéantar anailís air agus go leathnaítear é, mar gheall ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann le tionchar forbraíochta, cailliúint bhithéagsúlachta agus sláinte an phobail.

Níl ach aon trian de chrainn an chontae faoi úinéireacht dhíreach na comhairle: tá dá thrian de na crainn faoi úinéireacht phríobháideach nó úinéireacht institiúideach, rud a léiríonn an gá a bhaineann le comhoibriú. Mar sin de, cuirfidh an straitéis nua béim ar an bhfreagrúlacht chomhroinnte maidir le crainn an chontae, agus an chomhairle ag léiriú ceannasaíochta do na saoránaigh, na pobail, na gnóthaí agus do na húinéirí talún.

Tá ullmhú na straitéise an-fhorbartha. Tháinig go leor aighneachtaí dearfacha isteach mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí ar dhréachtpháipéar ceisteanna le déanaí. I láthair na huaire, tá trí fhócasghrúpa á gcur ar bun (pobal, an óige, úinéirí gnóthaí/talún) chun tacaíocht agus comhoibriú a ghníomhú don straitéis seo. Tabharfar cuireadh don phobal aighneachtaí a dhéanamh ar an dréachtstraitéis le linn an tsamhraidh.



Ainmníodh an Chomhairle mar ‘Tree City of the World’

I mí Feabhra, d’ainmnigh Fondúireacht Arbor Day agus na Náisiúin Aontaithe an chomhairle mar ‘Tree City of the World’ (féach treecitiesoftheworld.org), an chéad ainmniúchán dá leithéid ar oileán na hÉireann. Cabhróidh an stádas seo le próifíl na gcrann sa chontae a ardú agus díreoidh sé aird ar chur i bhfeidhm na straitéise nua.

Tuilleadh eolais ó: Aidan J. Ffrench, an tOifigeach Feidhmeannach um Thírdhreachú. Ríomhphost affrench@dlrcoco.ie

próifíl foirne dlr



Anthony McNamara

AN TOIFIGEACH UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Céard a dhéanann tú?

Is post nua sa Chomhairle é ról an Oifigigh um Gníomhú ar son na hAeráide. An príomhphost atá agam ná an Plean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide 2019-2024 a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. Cheadaigh na Comhairleoirí an Plean seo i mí na Bealtaine 2019 agus cuireadh an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn faoi bhráid an Rialtais. Toisc go bhfuil an Plean ilghnéitheach agus go bhfuil réimse leathan aige, oibrím thar gach roinn sa Chomhairle chun gníomhartha in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Oibrím freisin le páirtithe seachtracha ar fud an Chontae, an réigiúin agus na tíre.

Céard é gnáthlá oibre duit?

Thosaigh mé ag obair le dlr le linn phaindéim COVID-19. Mar sin de, tharla athrú ar na gnáthlaethanta oibre ar a raibh cleachtadh againn. Tá cruinnithe leis an bhfoireann agus le páirtithe seachtracha tábhachtach sa ról atá agam agus lig sé seo dom aithne a chur ar an bhfoireann ar fud na heagraíochta. Bíonn cúpla cruinniú i gceist le gnáthlá oibre agus bíim ag obair ar thionscadail agus ar thionscnaimh éagsúla a bhaineann le hathrú na haeráide. Bíonn caife mar dhlúthchuid de gach lá oibre!

Cad é an chuid is deacra de do phost?

Bíonn comhthéacs reachtaíochta agus beartais an ghníomhaithe in aghaidh athraithe aeráide ag síorathrú! Tá sé fíorthábhachtach don phost atá agam na rudaí a tharlaíonn ag an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE a nascadh, agus tá sé tábhachtach chun an Plean Gníomhaithe in aghaidh an Athraithe Aeráide a sholáthar. Ar bhonn pearsanta, is dúshlán é nach bhfuil mé in ann dul chuig an oifig agus nach bhfuil mé in ann bualadh le mo chomhghleacaithe go pearsanta ach tá súil agam go mbeidh athrú ar chúrsaí go luath!

Cad é an chuid is fiúntaí de do phost?

Tá údarás áitiúla in Éirinn ag méadú a n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide ar fud a n-oibríochtaí féin agus i dtionchar a imirt ar earnálacha eile. An chuid is fiúntaí de mo phost féin ná an fhoireann ar fud dlr ag obair le chéile chun tionscadail a chruthú – ón gcéad smaoinemh chuig an deireadh. Tá sé tábhachtach go n-éistfear le scéalta dhaoine mar chuid den ghníomhú in aghaidh an athraithe aeráide mar go bhfuil an oiread sin eolais ag daoine ar fud an Chontae ar na cineálacha tionscadal agus tionscnamh ar féidir a chur i bhfeidhm.

Eolas don phobal



Teach Mharlaí



Túr Martello Dheilginse



An tAireagal

Roinn do smaointe faoi chúrsaí oidhreachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tugtar cuireadh duit a bheith rannpháirteach i gcruthú Phlean nua Oidhreachta an Chontae do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Beidh an plean seo mar phlean oidhreachta comhroinnte an Chontae do na chéad cúig bliana eile agus cuirimid fáilte roimh do smaointe.

Is ionann oidhrecht agus scéal ár muintir agus ár n-áite. Is féidir leis a bheith ina fhoirgneamh, ina áit nádúrtha nó ina rud cultúrtha. Is féidir aighneachtaí ar líne a dhéanamh ag dlrcoco.ie/HeritagePlan. Tá fáilte roimh aighneachtaí scríofa freisin. Seol do smaointe chuig an Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla an Chontae, Dún Laoghaire faoin 16 Aibreán.

I ndiaidh na céime seo chun na smaointe a bhailiú, beidh an Plean Oidhreachta dréachtaithe ar taispeáint chun aiseolas a fháil air níos déanaí sa samhradh.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta, Deirdre Black ag info@dlrcoco.ie nó 01 205 4700.

Open House Bhaile Átha Cliath 2021 Ar líne agus ar an láthair 15–17 Deireadh Fómhair

Sábháil an dáta! Beidh Open House i mí Dheireadh Fómhair agus beidh réimse iontach imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl do gach duine.

I measc na nithe ar chlár 2021 beidh turais choisfochta agus rothafochta teoraithe, 'Architreks' idirghníomhacha féinteoraithe do theaghlaigh agus rochtain ar thuras foirgneamh ar fud an chontae.

Tabharfaidh na hAiltirí is fearr atá againn ar thurais fhíorúla thú dá dtionscadail is déanaí agus cuirfidh ár gclár do dhaoine óga ceardlanna, dúshláin dearaidh agus gníomhaíochtaí do theaghlaigh ar fáil dár ndíograiseoirí óga.

Mar chuid de Dhíospóireacht Mhór na bliana seo beidh painéal saineolaithe ag díriú ar théama na bliana a bhaineann le Tithíocht agus cuirfear an dara séasúr dár sraith scannáin 'Site Specific' i láthair den chéad uair ar dheireadh seachtaine 'Open Home'.

Dar ndóigh, is é sábháilteacht ár gcuairteoirí an rud is tábhachtaí agus reáchtálfar ár n-imeachtaí ar fad de réir threoirínte an rialtais maidir le cruinnithe laistigh agus lasmuigh. Mar is gnách, bíonn ár n-imeachtaí ar líne agus ar an láthair SAOR in aisce.

Beidh tuilleadh sonraí ar an gclár á bhfógairt againn le linn na míonna amach romhainn. Mar sin de, cláraigh lenár nuachtlitir ag architecturefoundation.ie chun tuilleadh eolais a fháil ar imeachtaí I.A.F. agus Open House Bhaile Átha Cliath 2021.



HAVE A LOCAL INITIATIVE THAT NEEDS FUNDING?

The dlr Grants Scheme 2021 Round 2

Apply online at
dlrcoco.ie/grants

Applications should be in by
16 April 2021



Arts grants supported by the Arts Council.

Scéim Deontas dlr 2021 (Babhta 2)

An mbeadh tacaíocht airgeadais ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ina bhuntáiste do do ghrúpa?

Tá Babhta 2 oscailte anois d'aighneachtaí toisc gur éirigh chomh maith sin leis an gcéad Bhabhta de Scéim Deontas dlr 2021.

Mar sin de, má chaill tú amach ar an gcéad Scéim de 2021, seo anois do dheis chun cur isteach ar mhaoiniú do do scéim nó do thionscadal áitiúil!

Dearadh Scéim Deontas dlr 2021 (Babhta 2) chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh bunaithe ar an bpobal chun fás agus forbairt a chur chun cinn. Tá catagóir faoi leith ann sa bhabhta seo a dhíríonn ar Mhná i Saol an Spóirt.

Clúdaíonn an Scéim na réimsí seo a leanas: Pobal, Mná i Saol an Spóirt, Imeachtaí, Cúrsaí Oidhreachta, an Comhshaol, na hEalaíona agus cur chun cinn an Ghnó i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Mar a thuigimid go léir, tá tionchar ag COVID ar ár saol laethúil go fóill. Imríonn COVID an-tionchar ar imeachtaí agus tionscnaimh phleanáilte ag gach leibhéal agus i ngach réimse dár bpobal, mar atá sé ag cur isteach ar an tsochaí ar fad. Is dócha go leanfaidh an phaindéim reatha ar aghaidh agus tionchar á imirt aige ar thionscnaimh, imeachtaí agus féilte le linn 2021, ach tuigimid freisin athléimneacht agus solúbthacht ár ngrúpaí pobail go léir agus na bealaí nuálacha ar fad a leanann siad lena gcuid clár agus imeachtaí a reáchtáil sa mhéid atá indéanta. Ag amanna mar seo, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú lenár bpobail.

Beidh Scéim Deontas dlr 2021 (Babhta 2) ag dúnadh go luath - an dáta deiridh d'aighneachtaí ná an 16 Aibreán. Téigh chuig dlrcoco.ie/grants chun cur isteach air.

Taisteal Gníomhach

Bí ag roinnt go cúramach !



Bealach Soghluaiseachta Cois Cósta dlr

Rinneadh forbairt shuntasach le bliain anuas ar áiseanna taistil ghníomhaigh sna ceantair áitiúla atá againn. I measc na n-áiseanna seo tá bealaí nua feabhsaithe rothaíochta ar na bóithre agus in aice leo, chomh maith le bealaí nua leathnaithe coisíochta agus rothaíochta sna páirceanna áitiúla.

Cabhraíonn na tionscnaimh nua seo le háiseanna níos fearr a chur ar fáil do choisithe chun tuilleadh spáis a thabhairt dóibh agus scaradh COVID19 ag teastáil. Cuireann raonta rothaíochta feabhsaithe tuilleadh roghanna ar fáil don rothaíocht shábháilte ar fud an chontae agus tá na bealaí seo fórluachmhar do pháistí scoile agus iad ag fillleadh ar na seomraí ranga.

I roinnt Páirceanna, amhail Páirc Chill Bheagóige, Páirc Sheangánaí, Páirc Chluain Caoin agus Glasbhealach na Stéille, is spás comhroinnte do choisithe agus rothaithe iad na háiseanna seo. Iarraimid ar gach duine, is cuma conas mar atá siad ag gluaiseacht, ar dhá chois, ar dhá roth, i gcathaoir rotha, ar scútar nó i ricseá rothaíochta, iarraidimid ar gach duine a bheith feasach ar dhaoine eile agus meas a bheith ag gach duine ar a chéile agus na háiseanna comhroinnte á n-úsáid.

Mar a bhíonn sé agus áiseanna nua ann, bíonn tréimhse oiriúnaithe ann agus iarraidimid ar úsáideoirí ár raonta ainmnithe rothaíochta a bheith feasach faoin réimse leathan rothaithe a úsáideann iad agus iarraidimid go scoitear in áit a mbíonn sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh agus nuair a scoitear, go scoitear é ar luas cuí. Áirítear leis seo rothaithe óga agus aosta, rothaithe a bhfuil cumais éagsúla acu nó rothaithe níos moille a dtaitníonn babhta rothaíochta níos suaimhní leo.

Cuireadh na háiseanna nua seo i bhfeidhm chun ár gcontae a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr agus chun spreagadh a thabhairt do níos mó daoine a bheith gníomhach. Leanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar aghaidh ag cur na háiseanna taistil ghníomhaigh is fearr ar fáil, chomh maith le feabhsuithe soghluaisteachta sa réimse poiblí do gach duine inár bpobail.

Ag teacht go luath: Tionscadal BETA dlr



Beidh tionscnamh nua, ar thacaigh an Cathaoirleach, Clr Una Power, leis, á sheoladh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go luath sa samhradh seo. Táimid ag iarraidh a bheith rannpháirteach leis an bpobal agus tá teagmháil á déanamh againn leat féin mar shaoránach do smaointeoireacht chliste maidir le spásanna poiblí.

Agus é bunaithe ar scéim rathúil BETA Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, is é atá mar aidhm ag tionscadal BETA dlr measúnú a dhéanamh ar smaointe an phobail agus iad a chur i bhfeidhm chun bealaí a chruthú lena bhfeabhsaítear réimse an phobail. Beidh sé ina bhealach chun smaointe maithe ón bpobal a fháil agus chun a fheiceáil an mbeifear in ann iad a thiontú ina dtionscadail bheaga tástála.

Beidh láithreán gréasáin faoi leith againn do BETA dlr (dlrbeta.ie), áit ar féidir leat do smaointe a chur isteach, smaointe a cheapann tú gur féidir leo difear inbhraite a dhéanamh sna spásanna poiblí

Beidh an fócas ar thionscadail bheaga agus tabharfaidh an Chomhairle tús áite do na smaointe a dhéanfar triail orthu in áit faoi leith agus monatóireacht agus measúnú á ndéanamh ar a n-éifeachtacht. Beidh an tionscadal seo bunaithe go dlúth ar thrialacha, agus smaointe á dtástáil ar feadh 3-6 mhí. Déanfaidh an Chomhairle cinneadh faoi indéantacht na dtionscadal trialach ar bhonn níos leithne thar am.

Mar sin de, má bhíonn smaointe ar scála beag agat, smaoiniamh ar féidir leis an gComhairle é a thriail, ar aon chineál gné dár réimsí poiblí, ba bhreá linn cloisteáil faoi. Ní bheimid in ann gach smaoiniamh a thriail ach geallaimid go ndéanfaimid tástáil ar na cinn is fearr, dar linn. Coinnigh súil amach do sheoladh an láithreáin ghréasáin nua BETA dlr i dtreo dheireadh mhí Aibreáin.


One Dublin One Book

Bíonn Leabharlanna dlr páirteach i dtionscnamh 'One Dublin One Book' de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach bliain, agus beidh sé mar an gcéanna i mbliana! An leabhar a roghnaíodh i mbliana ná *Leonard and Hungry Paul* le Rónán Hession, i ndiaidh *Tatty* le Christine Dwyer Hickey i 2020. Is é atá mar aidhm ag One Dublin One Book gach duine i mBaile Átha Cliath a spreagadh chun leabhar faoi leith a bhaineann leis an ardchathair a léamh le linn mí an Aibreáin gach bliain agus spreagann siad an scríthléitheoireacht. Tá áthas ar Leabharlann dlr an imeacht fhilíochta seo a leanas a chur i láthair Dé Luain an 19 Aibreán ag 7pm. Áirithintí ar Eventbrite. Is féidir na sonraí ar fad maidir leis na himeachtaí ar fad de chuid One Dublin One Book a fháil ag onedublinonebook.ie. Tá cóipeanna den leabhar ar fáil ar iasacht ar BorrowBox agus Overdrive.



Filíocht ag an Lexlcon: Aoibhneas an Chaidrimh

Dé Luain 19 Aibreán ag 7pm



Bebe Ashley, Richard Scott agus Seán Hewitt

Táimid ar fad ceangailte le chéile de bharr na taithí, na dteangacha agus na leochaileachta atá againn ar fad. Táimid i gcónaí i dteagmháil le filí agus le healaíontóirí eile tríd an fhilíocht agus tugann Bebe Ashley, Seán Hewitt agus Richard Scott sárléargas dúinn ar ár n-éadóchas agus an cineáltas a theastaíonn uainn. Déanann a saothair bheoga uathúla iniúchadh ar conas spás a dhéanamh dúinn féin don ghrá, don tsaoirse agus don sonas i saol cruá achrannach.

Gailearaí Oifige Ealaíon dlr Clár Foghlama an Earraigh, 2021



Helen Barry, ceardlanna dóibh siúd faoi bhun 5 bliana d'aois

Tá Clár Foghlama Taispeána ar líne ar fáil an t-earrach seo chun a dhéanamh cinnte go mbíonn na deiseanna céanna ag gach duine a bheith cruthaitheach sa bhaile. Tá an clár lán le cainteanna beo ar líne, comhráit, léirithe agus ceardlanna déanta ealaíne.

Cuirtear béim ar rudaí a iniúchadh le chéile agus rudaí nua a dhéanamh. Bain triail as! Níl aon taithí ag teastáil chun a bheith rannpháirteach in aon cheann de na ceardlanna ná na cainteanna seo.

Sa chlár iomlán, tá an tsraith 'Artist in Conversation', a bhfuil an-tóir air, ach buailfear leis an ealaíontóir ar líne sa Stiúideo an uair seo, ceardlanna déanta ealaíne do gach duine, léirithe agus cainteanna. Tá go leor ann do dhaoine de gach aois agus réimse leathan spéiseanna, féach ár láithreán gréasáin dlrcoco.ie/arts le haghaidh tuilleadh eolais agus áirithintí.

Ceoltóir Cónaithe Ceolchoirmeacha ar líne



Ikagi, Stiúideo dlr Lexlcon

Tá Scéim dlr um Cheoltóir Cónaithe comhaoinithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an Chomhairle Ealaíon agus bainistíonn Music Network é. Bhí trí chónaitheacht ann i 2020 agus is féidir leat féachaint ar léirithe na saothar nua a cruthaíodh ar líne ar ár láithreán gréasáin ag an nasc thíos.

dlrcoco.ie/en/music/musicians-residence-2020-2021-online-performances

Ba é Dave Flynn an chéad duine de na trí Cheoltóir Cónaithe do 2020, faoi scéim a bhí comhaoinithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ar bhainistigh Music Network é. Bhí a Chónaitheacht ar siúl idir mí Bealtaine agus mí Lúnasa. Bhí Kevin Brady/an Tommy Halferty Trio ina gCeoltóirí Cónaithe le linn Fhómhar 2020. Le linn a Chónaitheachta, rinne Kevin agus na baill eile den tríréd iniúchadh ar cheol de chuid Música Instrumental Brasileira agus chum siad ceol bunaithe air. Go litriúil, ciallaíonn seo ceol uirlise de chuid na Brasaíle, agus tagraíonn sé do shnagcheol agus foirmeacha eile ceoil uirlise. Ba ag Ikagi, grúpa aireagail, ina bhfuil Andrew Sheeran, veidhleadóir, Gabrielé Dikčiūtė, dordveidhleadóir, agus Maja Elliott, pianódóir, a bhí an chónaitheacht dheireanach de 2020, le linn an gheimhridh 2020. Rinne siad iniúchadh ar ábhar a spreag iad mar ghrúpa agus iad ag obair ar a saothair ceoil féin freisin.

Getting Hitched: Léiriú beo le Carnation Theatre



Tugtar cuireadh don lucht féachana a bheith ina n-aíonna bainise ag an léiriú beo seo thar Zoom ó Carnation Theatre agus muid ag ceiliúradh bhainis Mairead Uí Rhian agus Micheál MacFicil. Molaimid don lucht féachana iad féin a ghléasadh suas, ceiliúradh a dhéanamh ar an

"lánúin shona", agus a bheith meidhreach agus ag canadh agus muid ag smaoineamh siar ar bhainiseacha san am a chuaigh thart.

Coinnigh súil amach ar ár rómhfeasachán coicíse, ar na meáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin le haghaidh dátaí agus sonraí áirithinte.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus sonraí ar imeachtaí eile a bheidh ar siúl i rith na Bealtaine, tabhair cuairt ar bealtaine.ie

Léim isteach in Am Scéalaíochta 2021 Shenanigans le Paul Timoney agus Kyle Riley

Luan 12, 19, 26 Aibreán & 10 Bealtaine. 4pm–5pm Áirithintí ar Eventbrite.



Tugtar spraoi agus rannpháirtíocht léirithe beo shraith Shenanigans isteach chuig compord do sheomra suí le cumhacht Zoom. Trí úsáid na nuatheicneolaíochta, beidh tú linn agus roinnt dráma á chruthú againn le feiceáil cé chomh fiáin is féidir leat a bheith. Oiriúnach don teaghlach ar fad agus foirfe dóibh siúd idir 5-11 bliain d'aois.

Leabharlanna dlr: bealaí nua seirbhíse

Ag brath ar cén Leibhéal de shrianta Covid-19 a mbeimid i mí Aibreáin agus ina dhiaidh sin, tá seans ann go mbeidh ár spásanna leabharlainne oscailte don phobal. Cuir gaoch ar do Leabharlann áitiúil dlr, nó cuir ríomhphost chucu, chun a fháil amach cé hiad na seirbhísí atá ar fáil.



Seirbhís Fágála Leabhar

Tá ár Seirbhís Fágála Leabhar ar siúl go fóill ag gach Leibhéal de shrianta Covid-19.

Is do na baill níos aosta dár bpobal an tseirbhís seo agus dóibh siúd atá níos leochailí le linn an ama seo, dóibh siúd nach féidir leo teacht chuig an leabharlann. Is féidir leat a insint dúinn cé hiad na cineálacha leabhar/CDanna/DVDanna ar maith leat a bheith ag léamh, ar maith leat a bheith ag éisteacht leo nó ar maith leat a bheith ag féachaint orthu agus tabharfaidh duine dár dtiománaithe deonacha ó Serve the City rogha dóibh chuig do theach. Tá an tseirbhís seo á reáchtáil ó dlr Lexlcon. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le húsáid an tSeirbhís Fágála Leabhar, déan teagmháil le foireann dlr Lexlcon ar 01 2801147 nó trí ríomhphost ag dlrlexiconlib@dlrcoco.ie.

Mála Leabhar: Seirbhís 'Déan Teagmháil agus Bailigh'

Nuair a bheimid i Leibhéil níos ísle de shrianta Covid-19, tosóidh ár Mála Leabhar, Seirbhís 'Déan Teagmháil agus Bailigh' arís. Cuir gaoch ar do leabharlann áitiúil, nó cuir ríomhphost chucu, chun a fháil amach cé hiad na seirbhísí atá ar fáil.

Acmhainní ar líne

Ná déan dearmad go bhfuil na seirbhísí agus na hacmhainní ar fad atá againn ar líne fós ar fáil ónár láithreán gréasáin nuair a bhíonn ár spásanna leabharlainne dúnta. Níl ag teastáil uait ach uimhir do chárta leabharlainne agus do PIN agus tá sé saor in aisce! Píoc do rogha idir ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair, nuachtáin ar líne, irisí agus greannáin nó cláraigh ar chúrsa, foghlaim teanga nó íoslódáil/sruthaigh ceol, éist le podchraoladh nó féach ar cheann de na taispeántais atá againn. libraries.dlrcoco.ie

Déan Ceangal an tEarrach Seo



I measc na dtionscnamh 'Go dtÉ Tú Slán' a bhí againn le déanaí bhí comhpháirtíocht leis an eagraíocht Making Connections. Is grúpa é seo a bhfuil sé mar aidhm aige uaigneas agus scoiteacht na n-aosach a ruaigeadh. Cuireann gréasán de shaorálaithe béim ar na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le ceangal a chothú agus an neamhspleáchas tríd a dtionscnamh chun cairde a dhéanamh.

Tá an-áthas orainn a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Making Connections an t-earrach seo trí thacaíocht a thabhairt dá ngníomhaíochtaí chun cairde a dhéanamh. Úsáidfear ár gcártaí poist 'Seol Barróg', a dearadh go speisialta, chun teagmháil a dhéanamh le baill dár bpobal atá níos scoite amach agus é mar aidhm againn go gcuirfidh cárta tríd an mbosca litreach áthas orthu.

Beidh na cártaí poist seo, a mhaisigh Ciara Winkelmann, ar fáil i Leabharlann Dheilginse nuair a bheidh sé sábháilte ár leabharlanna a oscailt. Dá mbeadh seirbhísí Making Connections, ina gcabhair duitse nó do dhuine ar d'aithne, tabhair cuairt ar a láithreán gréasáin makingconnections.ie.



Go bhfana tú slán sábháilte agus bí i dteagmháil

Coinnigh cothrom le dáta maidir lena bhfuil ag tarlú i Leabharlanna dlr trí chlárú lenár ríomhfheasachán míosúil: libraries.dlrcoco.ie/events-and-news/dlr-libraries-ebulletin agus lean muid ar na meáin shóisialta ar Facebook, Twitter agus Instagram. Cuir ríomhphost chuig libraryculture@dlrcoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár imeachtaí ar líne.

Imeachtaí ar líne do dhaoine fásta

Club Leabhar Ar Líne

Buaileann ár gclub leabhar ar líne, a bhfuil an-tóir air, le chéile ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí ag 7.30pm ar Zoom. Stiúran Mary Burnham ó DuBrayBooks an Club. Is féidir cóipeanna crua de na leabhair a bheith á bplé a bhailiú roimh ré ó dlr Lexlcon agus tá roinnt teideal ar fáil ar líne ar ár n-árdán ríomhleabhar Overdrive agus Borrowbox. Cuir ríomhphost chuig libraryculture@dlrcoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoin gClub Leabhar ar Líne.

Feasacht ar uathachas i mí Aibreáin

Ba mhaith linn a rá libh go bhfuilimid ag smaoineamh ort agus táimid ag súil go mór lenár ndoirse a oscailt arís ionas go bhfeicfidh tú an obair ar fad a bhí ar siúl againn i Leabharlanna dlr.



I 2020 bhaineamar tairbhe as an Maoiniú Céadfach ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus chuireamar balla nua céadfach isteach i Leabharlann Ghráinseach an Déin, chomh maith le tralaí céadfach inbhogtha. Tá binse céadfach nua curtha isteach againn i Leabharlanna na Seanchille, Dhún Droma, Dheilginse, agus Chábán tSile, chomh maith le trealamh céadfach spraoi don taobh amuigh.

Coinnigh súil amach do chomharthaí atá oiriúnach dóibh siúd le huathachas sna brainsí freisin! Tá oiliúint uathachais AslAm d'fhoireann na hearnála poiblí, déanta ag foireann Leabharlann dlr, ag cur leis an obair atá dhéanta againn don Phobal Uathachais. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir lenár seirbhísí tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin:

libraries.dlrcoco.ie/library-services/services-those-autism

Beidh ceardlanna beo idirghníomhacha do theaghlaigh á reáchtáil againn thar cheithre seachtaine le haghaidh mhí an Uathachais. Féach na sonraí thíos.

Bealtaine sa bhaile

Bíonn Féile bhliantúil na Bealtaine ar siúl gach bliain i mí na Bealtaine agus is ceiliúradh náisiúnta é ar na healaíona agus an chruthaitheacht mar a théimid in aois. Beidh na himeachtaí seo a leanas ar líne á reáchtáil ag Leabharlanna dlr thar Zoom mar chuid de cheiliúradh na Bealtaine:



Ióga le Sally Dunne


Tá Sally, múinteoir ióga, ar ais leis na seisiúin 'Restorative Yoga' agus 'Chair Yoga' chun cabhrú linn a bheith gníomhach agus folláin.

Knit & Knatter le Pauline Gallagher



Bí le Pauline Gallagher ó The Knitting Class agus foghlaim conas cníotáil a dhéanamh go haireach. Bíodh comhrá agat le cníotáilte eile, oibrigh ar do thionscadail féin nó cruthaigh féiríní duit féin nó do dhaoine eile.

Quiz na Bealtaine



Faigh ardmheas ó dhústrainséirí mar gheall ar an eolas atá agat ar fhíríc fánacha! Glac páirt inár Quiz ilrogha ar líne agus imir le do chairde agus do mhuintir, nó ina n-aghaidh!

Coinnigh súil amach ar ár ríomhfheasachán coicise, ar na meáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin le haghaidh dátaí agus sonraí áirithe na n-imeachtaí seo.

Déanann do Chomhairleoirí dlr ionadaíocht ortsa

DÚN DROMA

AN CLR SHAY BRENNAN FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 829 0570
RÍOMHPHOST: sbrennan@cllr.dlrco.ie

AN CLR ANNE COLGAN NSP
30 Plásóg na Fuinseoige, Bóthar Bhaile an tSaoir
FÓN PÓCA: 087 245 4202
RÍOMHPHOST: acolgan@cllr.dlrco.ie

AN CLR DANIEL DUNNE CG
126 Páirc na Cluana, Baile an Teampaill
FÓN PÓCA: 087 115 4468
RÍOMHPHOST: ddunne@cllr.dlrco.ie

AN CLR ANNA GRAINGER FG
18 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
FÓN PÓCA: 087 282 5511
RÍOMHPHOST: agranger@cllr.dlrco.ie

AN CLR SEAN McLOUGHLIN NSP
49A Céide an Átha Leathain, Baile Átha Cliath 16
FÓN PÓCA: 087 741 1638
RÍOMHPHOST: smcloughlin@cllr.dlrco.ie

AN CLR PETER O'BRIEN LO
23 Plásóga Cluain Ard, Dún Droma, D16 KT53
FÓN PÓCA: 086 461 1638
RÍOMHPHOST: pobrien@cllr.dlrco.ie

AN CLR JIM O'LEARY FG
48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
FÓN PÓCA: 086 818 6732
RÍOMHPHOST: joleary@cllr.dlrco.ie

STIGH LORGAN

AN CLR DEIRDRE DONNELLY NSP
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 461 1625
RÍOMHPHOST: ddonnelly@cllr.dlrco.ie

AN CLR EVA ELIZABETH DOWLING CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 083 149 6045
RÍOMHPHOST: edowling@cllr.dlrco.ie

AN CLR JOHN KENNEDY FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 772 0794
RÍOMHPHOST: jkennedy@cllr.dlrco.ie

AN CLR MAEVE O'CONNELL FG
79 Céide Shliabh Rua, Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
FÓN PÓCA: 086-8516936
RÍOMHPHOST: moconnell@cllr.dlrco.ie

AN CLR BARRY SAUL FG
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
FÓN PÓCA: 086 781 4517
RÍOMHPHOST: bsaul@cllr.dlrco.ie

AN CLR DÓNAL SMITH FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 193 6483
RÍOMHPHOST: dsmith@cllr.dlrco.ie

AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR MARIE BAKER FG
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh
FÓN PÓCA: 086 818 6704
RÍOMHPHOST: mbaker@cllr.dlrco.ie

AN CLR KATE FEENEY FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 461 1627
RÍOMHPHOST: kfeeney@cllr.dlrco.ie

AN CLR MARY HANAFIN FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 085 120 2121
RÍOMHPHOST: mhanafin@cllr.dlrco.ie

AN CLR MAURICE DOCKRELL FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
RÍOMHPHOST: mdockrell@cllr.dlrco.ie

AN CLR SÉAFRA Ó FAOLÁIN CG
AN LEAS CHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 908 1058
RÍOMHPHOST: sofaolain@cllr.dlrco.ie

AN CLR MARTHA FANNING LO
23 Bóthar an Chlochair, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 0872041559
RÍOMHPHOST: mfanning@cllr.dlrco.ie

DÚN LAOGHAIRE

AN CLR MARY FAYNE FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
FÓN PÓCA: 086 461 1626
RÍOMHPHOST: mfayne@cllr.dlrco.ie

AN CLR LORRAINE HALL FG
71 Ascaill Roseland, Cualanor, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 790 5555
RÍOMHPHOST: lhall@cllr.dlrco.ie

AN CLR TOM KIVLEHAN CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 373 2518
RÍOMHPHOST: tkivlehan@cllr.dlrco.ie

AN CLR MELISA HALPIN PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 086 380 5793
RÍOMHPHOST: mhalpin@cllr.dlrco.ie

AN CLR JUSTIN MOYLAN FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 313 8815
RÍOMHPHOST: jmoylan@cllr.dlrco.ie

AN CLR JULIET O'CONNELL LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 270 7745
RÍOMHPHOST: joconnell@cllr.dlrco.ie

AN CLR DAVE QUINN DS
20 Ardán an Longfoirt Baile na Manach
FÓN PÓCA: 087 247 3448
RÍOMHPHOST: dquinn@cllr.dlrco.ie



CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

AN CLR MICHAEL CLARK FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 109 4032
RÍOMHPHOST: mclark@cllr.dlrco.ie

AN CLR JIM GILDEA FG
Mullach na Sí, Bóthar Bhré, Seanchill
FÓN PÓCA: 086 813 1456
RÍOMHPHOST: jgildea@cllr.dlrco.ie

AN CLR HUGH LEWIS PRB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac
FÓN PÓCA: 086 781 4523
RÍOMHPHOST: hlewis@cllr.dlrco.ie

AN CLR FRANK MCNAMARA FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 104 3210
RÍOMHPHOST: fmcnamara@cllr.dlrco.ie

AN CLR DENIS O'CALLAGHAN LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
FÓN PÓCA: 086 278 5609
RÍOMHPHOST: denisoc@cllr.dlrco.ie

AN CLR UNA POWER CG
AN CATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 386 1048
RÍOMHPHOST: unapower@cllr.dlrco.ie

AN CLR CARRIE SMYTH LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
FÓN PÓCA: 086 383 5051
RÍOMHPHOST: carriesmyth@cllr.dlrco.ie

GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

AN CLR KAZI AHMED FG
Cnoc na Spideoige, Bóthar Áth an Ghainimh
FÓN PÓCA: 086 031 3448
RÍOMHPHOST: kahmed@cllr.dlrco.ie

AN CLR EMMA BLAIN FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 715 2786
RÍOMHPHOST: eblain@cllr.dlrco.ie

AN CLR MICHAEL FLEMING NSP
6 Lána na Céime, Sráidbhaile na Céime
FÓN PÓCA: 086 020 1665
RÍOMHPHOST: mfleming@cllr.dlrco.ie

AN CLR LETTIE MCCARTHY LO
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim
FÓN PÓCA: 086 818 6718
RÍOMHPHOST: lmccarthy@cllr.dlrco.ie

AN CLR PATRICIA KINSELLA NSP
5 Bóthar Dhroichead Bhaile an Mhuilinn Baile Átha Cliath 14
FÓN PÓCA: 086 461 1634
RÍOMHPHOST: pkinsella@cllr.dlrco.ie

AN CLR TOM MURPHY FF
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh
FÓN PÓCA: 086 781 4515
RÍOMHPHOST: tmurphy@cllr.dlrco.ie

AN CLR OISÍN O'CONNOR CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
FÓN PÓCA: 087 606 5648
RÍOMHPHOST: ooconnor@cllr.dlrco.ie